

Ceacht Péinte agus Dathanna le Ranganna 1 go dtí 2

‘Bia i mo Bholg’

Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim:	Péint agus Dath (Curaclam Amharcealaíona Ich. 32)
Cuspóir:	<i>Úsáid léiriteach a bhaint as dath chun téamaí atá bunaithe ar an saol pearsanta nó samhlaíoch a léirmhíniú (Ich. 32)</i>
Nasc:	Prionta > Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le teicnící simplí déanamh priontaí (Ich. 34)
Féidearthachtaí Imeachta:	<p>Teanga Labhartha: <i>Triail a bhainta as foclóir agus struchtúr abairte níos casta chun brí a leathnú agus a fhiosrú (Ich. 27)</i></p> <p>Eolaíocht: <i>Roinnt riachtanais fáis agus forbartha sa duine daonna a aithint (Ich. 41)</i></p> <p>SPHE: <i>Tábhacht an bhia chun fás a chothú, fanacht sláintiúil agus fuinneamh a sholáthar a fhiosrú (Ich. 27)</i></p>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ábhair Riachtanacha: Páipéar
 Pailéid
 Pailéid breise nó plátaí, chun dathanna a mheascadh agus uigeachtaí a chur leo
 Péint ghorm, bhuí, bhán agus dhubh
 Soithigh uisce
 Scuabanna éagsúla
 Ceirteacha J-cloth
 (Mionrabh, salainn nó calóga gallúnaí, roghnach)

Spreagadh: “Cad iad na bianna is maith leat a ithe? Déan cur síos ar dhathanna na mbianna seo. An bhfuil an uigeacht, an mhéid, an cruth céanna orthu go léir? Cad is maith leat a ól? Cad iad na dathanna a bhíonn ar na deochanna seo? An meascann tú bianna milse agus blasta ar an bpláta? Cén bhlas a bheadh air sin? Cad a cheapann tú a tharlaíonn don bhia nuair a itheann tú é? Cá dtéann sé? Cad a tharlaíonn don bhia i do bholg? An féidir leat a shamhlú conas a bhreathnaíonn sé sin? Cad a tharlódh do na dathanna agus na huigeachtaí? Déan iarracht meascán dathanna, cruthanna agus uigeachtaí a shamhlú i do bholg.”

Gníomhaíocht: Tar éis an rud a tharlaíonn don bhia a shlogaimid a phlé, déanann na leanaí a gcuid péintéireachtaí. Mar nach bhfuil ach na príomhdhathanna tugtha dóibh, meascfaidh siad na dathanna tánaisteacha agus treasacha iad féin. Is dócha go dtarlóidh sé seo ar an leathanach agus dathanna agus cruthanna á mheascadh le chéile. Tá sé go hiontach é a fheiceáil agus a gcuid tuairiscí a choisteáil. Tig leo mionrabh, salainn nó calóga gallúnaí a chur leis an bpéint chun uigeachtaí a chruthú agus cuireann sé seo toise breise leis na péintéireachtaí. Spreag iad chun labhairt faoina bpéintéireachtaí, agus tuairisc a thabhairt faoina bhfuil ag tarlú agus iad ag obair. Nuair a bhíonn siad críochnaithe, síníonn siad a saothar, mar a dhéanann ealaíontóirí!

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpéintéireachtaí a phlé. Taitneoidh sé leo míniú a thabhairt faoin gcaoi ar chruthaigh siad réimse dathanna níos leithne trí na príomhdhathanna a mheascadh, agus conas ar chruthaigh siad uigeachtaí éagsúla. Is féidir é seo a dhéanamh le 'Cathaoir an Ealaíontóra' mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid péintéireachtaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Cuir péintéireachtaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt do phéintéireachtaí ar nós 'An Cupán Tae' agus 'Substaint Criothlonrach' le Jackson Pollock, 'Fómhar le Giuseppe Arcimboldo agus ealaíontóirí eile atá ábhartha dar leat féin.

Gníomhaíochtaí breise:

D'fhéadfadh na leanaí prionta a dhéanamh óna samhlaíocht. Ag úsáid bailiúchán rudaí faighte (spúinsí, spólanna, píosaí lego, seanscuabanna fiacal, páipéar brúite, duilleoga agus duilliúr, blúirí fabraice srl.) féadfaidh na leanaí priontaí a dhéanamh den rud a shamlaítear dóibh a tharlaíonn don bhia a itheann siad. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar bhileoga páipéir siúcra de dhathanna éagsúla, cuireann sé cuma níos drámatúla ar na dathanna priontáilte.

Féidearthachtaí TCF:

D'fhéadfadh na leanaí Dánlann Fíorúil a dhéanamh dá bpéintéireachtaí nó dá bpriontaí trí iad a scanáil agus taispeántas sleamhnán a dhéanamh astu ar ríomhaire an ranga. (D'fhéadfaí iad a ghlacadh le ceamara digiteach freisin agus iad a ionsá san fheidhmchlár Power Point).

An DVD Is Ealaíontóir Mé a Úsáid

Tugann na cláir *Péint agus Dath* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag plé dathanna agus a dtuairimí faoi iad a mheascadh.

Nóta:

Is maith an smaoineamh é bailiúchán scuabanna de mhéideanna éagsúla a bheith agat. Bhí an rogha teaghlaih atá ar fáil i siopaí € an-áisiúil dar liom féin mar go bhfuil raon méide ó 1" go 3" acu agus iad an-saor, timpeall €3 ar phaca 3 nó 4. Má thugann tú aire dóibh mairfidh siad i bhfad.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Jackson Pollock
Giuseppe Arcimboldo
Ealaíontóirí eile atá ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

An Cupán Tae le Jackson Pollock
<http://www.ibiblio.org/wm/paint/auth/pollock/pollock.tea-cup.jpg>

Substaint Criothlonrach le Jackson Pollock
<http://www.ibiblio.org/wm/paint/auth/pollock/pollock.shimmering.jpg>

Fómhar le Giuseppe Arcimboldo
http://commons.wikimedia.org/wiki/Image:Giuseppe_Arcimboldo_-_Autumn%2C_1573.jpg

Dánlann de shaothar Giuseppe Arcimboldo
http://commons.wikimedia.org/wiki/Giuseppe_Arcimboldo

Faisnéis ghearr faoi Giuseppe Arcimboldo
<http://painting.about.com/library/biographies/blbioarcimboldo.htm>